C/2024/4911

20.8.2024

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**

# maidir leis an Treoraíocht faoin iarratas a dhéanfaidh gnóthas chun stádas a fháil mar shaoráid táirgeachta chomhtháite nó mar Theilgcheárta Oscailte AE de bhun Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2023/1781

(C/2024/4911)

**Clár**

*Leathanach*

I. **Réamhrá** ..... 2

II. **Saoráidí 'ceannródaíocha'** ..... 3

1. **Sainmhíniú ar 'ceannródaíoch'** ..... 3

2. **Sainmhíniú ar shaoráid táirgeachta chomhtháite agus ar theilgcheárta Oscailte AE** ..... 3

3. **Na sochair a bhaineann le stádassaoráide táirgeachta chomhtháite agus teilgcheárta oscailte AE** ..... 4

A. Sineirgí agus difríochtaí i gcomparáid le Státchabhair ..... 5

B. An chéim réamhiarratais ..... 5

4. **Oibleagáidí a eascraíonn as stádas STC agus TOAE** ..... 6

A. An chéim ghéarchéime ..... 6

B. Orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo ..... 7

III. **Iarratas ar Stádas mar shaoráid táirgeachta chomhtháite nó mar theilgcheárta oscailte AE** ..... 8

1. **Cé atá in ann iarratas a dhéanamh chun stádas STC agus TOAE a fháil?** ..... 8

2. **Cad iad na ceanglais a mheasann an Coimisiún agus measúnú á dhéanamh aige ar an iarratas?** ..... 8

A. Gné cheannródaíoch ..... 8

B. Gealltanas na critéir a leagtar amach in Airteagal 13(3) nó in Airteagal 14(3) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna a chomhlíonadh. ..... 9

C. Plean gnó (Airteagal 15(2)(b) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna. ..... 11

D. Doiciméadacht ar thaithí an iarratasóra (Airteagal 15(2)(c) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna. ..... 11

E. Doiciméad lena gcruthaítear go bhfuil an Ballstát nó na Ballstáit ina bhfuil sé beartaithe an tsaoráid a bhunú ullamh chun tacú lena bunú (Airteagal 15(2)(d) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna. ..... 11

F. Beartais agus pleananna i dtaca le cearta maoine intleachtúla a bheith ann (Airteagal 15(2)(e) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna. ..... 12

G. Gealltanas chun tús áite a thabhairt d'orduithe le linn géarchéime (Airteagal 26 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna. ..... 12

3. **Cad é an nós imeachta a leanfaidh an Coimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais?** ..... 12

A. An t-iarratas a fháil agus measúnú ar an gcéad leibhéal (fíorúchán ar an bhfoirm ghréasáin. ..... 12

B. Measúnú ar an dara leibhéal (iomláine an iarratais. ..... 13

C. Measúnú ar an tríú leibhéal (comhlíonadh na gcritéar le haghaidh stádas STC agus TOAE. ..... 13

D. Comhairle ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus an cinneadh ..... 13

4. **Nuair a bheidh an stádas STC nó TOAE deonaithe, an ndéanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an tionscadail?** ..... 14

A. Leasuithe ar an stádas ..... 14

B. Aisghairm an stádais ..... 14

5. **Cén chaoi a n-oibríonn tíolacadh leictreonach an iarratais?** ..... 15

IV. **Seicliosta agus uirlisí TF** ..... 16

A. Seicliosta ..... 16

B. Na huirlisí TF don phróiseas iarratais ..... 19

I. **Réamhrá**

Sa Teachtaireacht seo (dá ngairtear 'Treoraíocht' freisin) tugtar treoraíocht maidir leis an b**próiseas iarratais chun go bhfaighidh gnóthas stádas mar shaoráid táirgeachta chomhtháite (STC) nó mar Theilgcheárta Oscailte AE (TOAE)** de bhun Airteagal 15 de Rialachán (AE) **2023/1781** ([1]) **('an Gníomh Eorpach um Shliseanna')**. In Airteagal 15 den Ghníomh um Shliseanna leagtar oibleagáid ar an gCoimisiún treoraíocht a thabhairt maidir leis an bhfaisnéis is gá chun stádas STC nó TOAE a bhronnadh ar thionscadal agus maidir lena formáid ábhartha.

Tháinig an Gníomh Eorpach um Shliseanna i bhfeidhm an 21 Meán Fómhair 2023 agus is cuid de phacáiste níos leithne beart é chun éiceachóras leathsheoltóirí an Aontais a neartú ([2]).

Tá an Gníomh Eorpach um Shliseanna bunaithe ar thrí cholún:

— Le Colún 1 bunaítear an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip', lena dtacaítear le fothú acmhainneachta teicneolaíche ar mórscála agus le nuálaíocht ar fud an Aontais chun forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí leathsheoltóra ceannródaíocha den chéad ghlúin eile agus candamacha a chumasú.

— **Le Colún 2 cruthaítear creat chun slándáil an tsoláthair a áirithiú trí infheistíochtaí a mhealladh agus trí acmhainneachtaí táirgeachta a fheabhsú** i monaraíocht leathsheoltóra, ardphacáistiú, tástáil agus cóimeáil.

— Le Colún 3 cruthaítear sásra comhordúcháin idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun an comhar leis na Ballstáit agus idir na Ballstáit a neartú maidir le faireachán agus freagairt ar ghéarchéimeanna, faoi rialachas an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí ([3]).

Faoi chuimsiú Cholún 2, féadfaidh **saoráidí ceannródaíocha** (i.e. saoráidí monaraíochta leathsheoltóra nua nó uasghrádaithe go substaintiúil a sholáthraíonn gné nuálaíochta nach ann di fós san Aontas), féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar stádas STC nó TOAE a fháil. Leis an gcreat sin cuirtear modhanna ar fáil do na saoráidí sin chun a mbunú agus a bhfeidhmiú san Aontas a éascú. Ceanglaítear leis freisin go gcomhlíonfaí critéir chun a áirithiú go rannchuideoidh siad le cuspóirí an Aontais agus go mbeidh siad iontaofa mar sholáthraithe sliseanna le linn géarchéimeanna.

Chun treoraíocht a sholáthar faoin bpróiseas iarratais le haghaidh stádas STC agus TOAE, tá an struchtúr seo a leanas ag an doiciméad seo:

— I **Roinn II** cuirtear i láthair coincheap na 'saoráide ceannródaíche' san Aontas, go háirithe an chaoi ar cheart an nuálaíocht uathúil sin a léiriú chun críche an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna (i.e. an chaoi a mbeidh sí le haithint mar STC nó TOAE). I Roinn II tugtar mionsonraí freisin faoi na tairbhí agus na sineirgí leis an nós imeachta Státchabhrach, chomh maith leis an méid a cheanglaítear faoin nGníomh Eorpach um Shliseanna a luaithe a bheidh stádas STC nó TOAE faighte.

— I **Roinn III** tugtar treoraíocht phraiticiúil do chuideachtaí faoin gcaoi le hiarratas a dhéanamh ar stádas STC nó TOAE, agus faoin gcaoi a ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar na hiarratais sin. Go háirithe, i Roinn III aithnítear na príomhchéimeanna sa phróiseas iarratais agus sonraítear inti an chaoi ar cheart d'iarratasóirí an fhoirm iarratais, na doiciméid tacaíochta agus na gealltanais a chur isteach.

— I **Roinn IV** tá seicliosta do chuideachtaí ina leagtar amach na gnéithe tábhachtacha uile is ceart a chur san áireamh agus an t-iarratas á ullmhú acu, chomh maith le roinnt treoirlínte teicniúla maidir leis na córais iarratais ríomhaireachta 'Futurium' agus 'S-CIRCABC'.

([1]) Rialachán (AE) 2023/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (an Gníomh Eorpach um Shliseanna) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), PE/28/2023/INIT, IO L 229, 18.9.2023, p. 1. (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.L_.2023.229.01.0001.01.ENG&toc=OJ%3AL%3A2023%3A229%3ATOC)

([2]) An 8 Feabhra 2022, ghlac an Coimisiún pacáiste ina raibh na gníomhartha seo a leanas:
(a) teachtaireacht ina leagtar amach an réasúnaíocht agus an straitéis fhoriomlán i leith leathsheoltóirí (COM/2022/45 final);
(b) togra le haghaidh rialacháin chun éiceachóras leathsheoltóra an Aontais a neartú (an Gníomh Eorpach um Shliseanna);
(c) togra le haghaidh leasuithe ar Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear Comhghnóthas KDT (COM/2022/47 final);
(d) moladh do na Ballstáit lena gcuirtear chun cinn gníomhaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar bhristeacha sa slabhra soláthair leathsheoltóirí agus chun iad a mhaolú (C/2022/782, IO L 35, 17.2.2022, lch. 17).

([3]) Is comhlacht rialachais é an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ina bhfuil ionadaithe ardleibhéil Bhallstáit an Aontais agus a bunaíodh le hAirteagail 28-30 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna. Soláthraíonn an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle, cúnamh agus moltaí don Choimisiún de bhun Chaibidil V den Ghníomh Eorpach um Leathsheoltóirí.

## II. **Saoráidí 'ceannródaíocha'**

### 1. **Sainmhíniú ar 'ceannródaíoch'**

Mar a luadh cheana, is féidir le **saoráidí 'ceannródaíocha'** iarratas a dhéanamh chun stádas **'saoráid táirgeachta chomhtháite'** nó **'teilgcheártaí oscailte AE'** a fháil. In Airteagal 2(11) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna sainmhínítear saoráid cheannródaíoch mar '*shaoráid monaraíochta leathsheoltóra* ([4]) *nua nó uasghrádaithe go substaintiúil, nó saoráid chun trealamh a tháirgeadh chomh maith le príomh-chomhpháirteanna don trealamh sin, nó ar nithe iad a úsáidtear den chuid is mó i monaraíocht leathsheoltóra, saoráidí lena soláthraítear nuálaíocht maidir leis an bpróiseas monaraíochta nó táirge deiridh nach bhfuil ann go fóill nó nach bhfuil geallta a bheith tógtha laistigh den Aontas, lena n-áirítear nuálaíocht a bhaineann le feabhas a chur ar ríomh cumhachta nó ar leibhéal na slándála, na sábháilteachta nó na hiontaofachta, na feidhmíochta fuinnimh agus comhshaoil, an nóid teicneolaíochta nó na n-ábhar foshraithe teicneolaíochta, nó cur chun feidhme próiseas táirgthe as a n-eascraíonn gnóthachain éifeachtúlachta, nó a fheabhsaíonn in-athchúrsáilteacht, nó a laghdaíonn ionchuir táirgthe*'.

**Le go measfar go bhfuil saoráid 'ceannródaíoch', déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu a sholáthraíonn an tsaoráid gné nuálaíochta nach ann di fós san Aontas nó nach soláthraíonn**. Is é an fachtóir cáilitheach le bheith 'ceannródaíoch' go ndéantar eilimint nuálach a thabhairt isteach sa mhargadh inmheánach maidir leis na próisis mhonaraíochta nó maidir leis an táirge deiridh ([5]) a d'fhéadfaí é a bhunú ar nóid teicneolaíochta nua nó ar nóid teicneolaíochta atá ann cheana. D'fhéadfadh na heilimintí ábhartha nuálaíochta a bheith bainteach leis an nód teicneolaíochta nó ábhar foshraithe, nó cineálacha cur chuige as a n-eascraíonn feabhsuithe ar ríomhaireacht nó tréithe feidhmíochta eile, éifeachtúlacht fuinnimh, leibhéal slándála, sábháilteachta nó iontaofachta, chomh maith le comhtháthú feidhmiúlachtaí nua, mar shampla acmhainneacht cuimhne. Is samplaí freisin den nuálaíocht iad comhtháthú próiseas éagsúil as a dtagann gnóthachain éifeachtúlachta agus uathoibriú pacáistíochta agus cóimeála. Maidir le gnóthachain chomhshaoil, féadfar a áireamh le heilimintí nuálaíochta laghdú ar an méid fuinnimh, uisce nó ceimiceán a úsáidtear, nó in-athchúrsáilteacht fheabhsaithe. Is foinse thagartha oiriúnach chun na réimsí inar féidir nuálaíocht den sórt sin a bheith ar siúl a shainaithint é Treochlár Idirnáisiúnta maidir le Gairis agus Córais (IRDS) de chuid IEEE, treochlár ina sainaithnítear príomhthreochtaí teicneolaíochta a bhaineann le gairis, córais agus na teicneolaíochtaí gaolmhara uile ([6]).

De réir an tsainmhínithe, ní hamháin gur cheart an t**saoráid monaraíochta** a bheith nuálach, ach ba cheart **cumas nuálaíochta a bheith inti freisin nach ann di go substaintiúil fós, agus nach bhfuil beartaithe a bheith tógtha san Aontas Eorpach**. Fágann sin nár cheart saoráid mhonaraíochta atá in ann táirge, próiseas nó feidhmíocht inchomparáide a tháirgeadh ar scála tionsclaíoch a bheith ann cheana féin ná a bheith á bunú faoi láthair san Aontas. Ar an taobh eile, más rud é go raibh nuálaíocht den sórt sin in úsáid cheana féin sa Taighde agus Forbairt nó i dtáirgeadh ar scála beag san Aontas, ní fhágfadh sin ann féin nach bhféadfadh an t-olltáirgeadh nua cáiliú mar 'cheannródaíoch'. Mar shampla, d'fhéadfadh saoráid monaraíochta a bhfuil sé beartaithe aici ábhar foshraithe núíosach a úsáid cáiliú mar shaoráid 'cheannródaíoch' san Aontas, d'ainneoin go bhfuil an t-ábhar foshraithe sin á thástáil ar líne phíolótach i mBallstát. Ar an ábhar sin, is ceart a thabhairt do d'aire nach gcuirtear as an áireamh go bhféadfaí roinnt tionscadal comhthreomhar a aithint mar thionscadail 'cheannródaíocha' más rud é nach ndéanann aon cheann acu gníomhaíochtaí príobháideacha atá ann cheana nó atá bearta a bhrú amach agus mura bhfuil aon riosca ann go mbeadh ró-acmhainn ann ([7]). D'fhéadfaí a bheith cáilithe mar shaoráid 'cheannródaíoch' mar thoradh ar shuiteáil saoráide nua nó saoráide atá uasghrádaithe go substaintiúil.

### 2. **Sainmhíniú ar shaoráid táirgeachta chomhtháite agus ar theilgcheárta Oscailte AE**

Chun infheistíocht in acmhainneacht táirgeachta nua a spreagadh, agus chun a áirithiú an tráth céanna go rachaidh sé chun tairbhe don Aontas ina iomláine, sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna leagtar síos creat i gCaibidil III chun **dhá chineál saoráidí 'ceannródaíocha'** a chur chun feidhme. Is léiriú iad an dá chineál sin ar an dá shamhail ghnó choitianta atá ag saoráidí monaraíochta leathsheoltóra i dtírdhreach thionscal leathsheoltóirí an lae inniu agus sonraítear iad in Airteagail 13 agus 14 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna iad.

([4]) In Airteagal 2(15) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna sainmhínítear go gciallaíonn "monaraíocht leathsheoltóra" aon cheann de chéimeanna táirgthe agus próiseála na sliseog leathsheoltóra, lena n-áirítear ábhair fhoshraithe, tosaigh agus chúil, atá riachtanach chun táirge leathsheoltóra críochnaithe a sheachadadh.

([5]) Is ar leibhéal an leathsheoltóra (a d'fhéadfadh a bheith pacáistithe) a bhíonn an táirge deiridh, agus ní ar leibhéal an ghairis ina gcuirtear an leathsheoltóir i bhfeidhm.

([6]) Tógann sin ar an obair a rinneadh roimhe seo sa Treochlár Teicneolaíochta Idirnáisiúnta le haghaidh Leathsheoltóirí (ITRS), treochlár inar sainmhíníodh freisin an tagairt do nóid phróisis (i nanaiméadair) a eascraíonn as an éabhlóid ar scálú trasraitheoirí i gcomhréir lena bhfuil tuartha faoi dhlí Moore. Faoi láthair sa IRDS tá obair san áireamh atá á déanamh ag foirne fócais idirnáisiúnta éagsúla ar na réimsí seo a leanas: *More Moore* (scálú); *More Than Moore*; *Beyond CMOS*; córais agus ailtireachtaí; comhtháthú pacáistíochta; nascacht le córais lasmuigh; leictreonaic chrióigineach agus próiseáil ar fhaisnéis chandamach; liteagrafaíocht; feabhsú táirgeachta; méadreolaíocht; comhtháthú monarchana; an comhshaol, an tsábháilteacht, an tsláinte agus an inbhuanaitheacht.

([7]) Féadfar roinnt tionscadal comhthreomhar a aithint mar thionscadail 'cheannródaíocha' más féidir a chruthú nach ndéanann gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón Stát gníomhaíochtaí príobháideacha atá ann cheana nó atá beartaithe a bhrú amach. Déanfar measúnú ar gach togra le haghaidh státchabhrach bunaithe ar a fhiúntas féin chun saobhadh míchuí ar an iomaíocht a sheachaint. Cuimsítear leis sin dearcadh cuimsitheach ar a riachtanaí atá an tionscadal, chun an ró-acmhainneacht a sheachaint. Féach fonóta 56 den Teachtaireacht, Ionstraim um Shliseanna don Eoraip, COM(2022) 45.

— De réir Airteagal 13(1) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna *'Beidh **saoráidí táirgeachta comhtháite** mar shaoráidí ceannródaíocha le haghaidh monaraíocht leathsheoltóra, agus, i gcás inarb ábhartha, dearadh nó táirgeadh trealaimh nó príomh-chomhpháirteanna den trealamh sin a úsáidtear den chuid is mó i monaraíocht leathsheoltóra san Aontas, ar saoráidí iad a fhéadfaidh céimeanna eile den slabhra soláthair a chomhtháthú, agus a rannchuidíonn le slándáil an tsoláthair agus le hathléimneacht an éiceachórais leathsheoltóra an Aontais, agus ina theannta sin, i gcás inarb ábhartha, féadfaidh siad rannchuidiú le slándáil na slabhraí soláthair domhanda leathsheoltóra.'* I bhfocail eile, más saoráidí monaraíochta leathsheoltóra faoi chomhtháthú ingearach iad na STCanna, ar saoráidí iad atá bainteach leis an monaraíocht tosaigh ([8]), i dtáirgeadh trealaimh nó príomh-chomhpháirteanna de threalamh den sórt sin a úsáidtear den chuid is mó i monaraíocht leathsheoltóra san Aontas Eorpach chomh maith le dearadh ar chiorcaid chomhtháite nó soláthar seirbhísí monaraíochta cúil ([9]), nó an dá rud.

— De réir Airteagal 14(1) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna *'Beidh **teilgcheártaí oscailte AE** mar shaoráidí ceannródaíocha le haghaidh monaraíocht leathsheoltóra san Aontas a thairgeann acmhainneacht táirgeachta do ghnóthais nach bhfuil baint acu le chéile agus a rannchuidíonn ar an gcaoi sin le slándáil an tsoláthair don mhargadh inmheánach agus le hathléimneacht éiceachóras leathsheoltóra an Aontais, agus ina theannta sin, i gcás inarb ábhartha, féadfaidh siad rannchuidiú le slándáil an tslabhra soláthair dhomhanda leathsheoltóra.'* Dá bhrí sin is saoráidí monaraíochta leathsheoltóra iad TOAEnna a thiomnaíonn ar a laghad cuid dá n-acmhainneacht táirgeachtachun sliseanna a tháirgeadh de réir an dearaidh atá ag cuideachta eile, cuideachta gan mhonarú go háirithe.

## 3. Na sochair a bhaineann le stádassaoráide táirgeachta chomhtháite agus teilgcheárta oscailte AE

Tá roinnt sochar ann do chuideachtaí as stádas STC nó TOAE.

(a) Ar an gcéad dul síos, tá foráil sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna le haghaidh **cur chuige cuíchóirithe i leith iarratais riaracháin**. Tá na forálacha sin ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní tipiciúla in aghaidh chur chun feidhme saoráidí monaraíochta leathsheoltóra ar mórscála, i ndáil leis an tréimhse fhada is gá ar thionscadail chun ceadanna riaracháin a fháil agus próisis chasta ilroinnte maidir le ceadanna a dheonú. Faoi Airteagal 18, is féidir le tionscadail a bhfuil an stádas faighte acu tairbhe a bhaint as brostú ar iarratais riaracháin, amhail measúnuithe comhshaoil agus pleanáil spáis. I gcás inarb ann do stádas tosaíochta cheana féin faoin dlí riaracháin náisiúnta, is féidir an stádas sin a thabhairt dóibh.

Thairis sin, sonraítear sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna gur féidir slándáil an tsoláthair leathsheoltóirí a mheas mar chúis dhianriachtanach leasa phoiblí sháraithigh de réir bhrí Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1)(c) de Threoir 92/43/CEE ([10]) (an 'Treoir maidir le Gnáthóga') agus Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE ([11]) ('an Treoir Réime maidir le hUisce'). I gcúiseanna eisceachtúla, ceadaítear faoi na treoracha sin gur féidir tionscadail a chur chun feidhme i gcásanna eisceachtúla in ainneoin measúnú comhshaoil diúltacha a bheith faighte acu má dhéantar coinníollacha áirithe a chomhlíonadh agus má tá ceanglas dianriachtanach ann chun an leas ginearálta a shárú. Soiléirítear leis an bhforáil sin sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna gur féidir pleanáil, tógáil agus oibriú STCanna agus TOAEnna a mheas mar leas poiblí sáraitheach in imthosca den sórt sin.

I gcomhréir le hAirteagal 18(4), chun gur féidir iarratais a cheadú agus chun comhordú an phróisis riaracháin a fheabhsú, féadfaidh na Ballstáit cur chuige 'ionaid ilfhreastail' a úsáid, trí údarás a ainmniú a bheidh freagrach as iarratais riaracháin a bhaineann le pleanáil, tógáil agus oibriú na saoráidí a éascú agus a chomhordú. Féadfaidh gach údarás ainmnithe comhordaitheoir a cheapadh a bheidh ina phointe teagmhála aonair don STC nó TOAE.

(b) Ar an dara dul síos, féadfaidh STCanna agus TOAEnna **rochtain tosaíochta a fháil ar na línte píolótacha arna mbunú faoin Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip' de Cholún 1 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna**. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go bhféadfaí brostú a dhéanamh ar a n-iarratas chun na línte píolótacha a úsáid agus cóir fhabhrach a fháil (ach gan dreamanna eile a eisiamh ná rochtain éifeachtach a chosc orthu).

([8]) Ciallaíonn 'monaraíocht tosaigh' próiseáil iomlán na sliseoige leathsheoltóra (Airteagal 2(16)). D'fhéadfadh ceann amháin de na céimeanna, nó gach céim, den phróiseáil ar shliseog leathsheoltóra a bheith i gceist le gníomhaíochtaí monaraíochta tosaigh STCanna agus TOAEnna, ag tosú le hábhair foshraithe éagsúla (Si, SiC, SOI, etc.).
([9]) Ciallaíonn 'monaraíocht chúil' pacáistiú, cóimeáil agus tástáil gach ciorcaid iomlánaithe aonair (Airteagal 2(17)).
([10]) IO L 206, 22.7.1992, lch. 7.
([11]) IO L 327, 22.12.2000, lch. 1.

(c) Ar an tríú dul síos, má dhéantar stádas STC nó TOAE a bhronnadh ar shaoráid, fágann sin go bhfuil an tsaoráid sin '**ceannródaíoch' agus go rannchuidíonn sí le slándáil an tsoláthair san Aontas.** Ar ábhar eile, cuireann an Coimisiún an ghné sin san áireamh, i measc nithe eile, in aon **nós imeachta Státchabhrach** a d'fhéadfadh a bheith ann bunaithe ar Airteagal 107(3)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, mar a fógraíodh sa Teachtaireacht 'Ionstraim um Shliseanna don Eoraip' ([12]) sa chás go molfadh Ballstát tacú le haon saoráid den sórt sin le Státchabhair. Tá dlúthbhaint ag na gnéithe 'ceannródaíocha' den Ghníomh Eorpach um Shliseanna, Rialachán (AE) 2023/1781, agus an measúnú ar Státchabhair le chéile. Féadfaidh an Coimisiún údarú a thabhairt chun tacaíocht phoiblí a úsáid chun saoráidí 'ceannródaíocha' a bhunú san Aontas faoi Airteagal 107(3)(c) CFAE. Leis an gcur chuige sin déantar comhlánú ar na treoirlínte maidir le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna) a bhunaítear ar Airteagal 107(3)(b) CFAE, tionscadail a bhfuil sé beartaithe leo tacú le tionscadail ilnáisiúnta T&F suas go dtí an cur in úsáid tionsclaíoch den chéad uair i réimsí leasa choitinn, rud a thacaíonn le céim dhifriúil den timthriall nuálaíochta dá bharr. Cé go bhfuil an fhoclaíocht sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna, Rialachán (AE) 2023/1781, gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 CFAE, cuirfidh seirbhísí an Choimisiúin san áireamh an t-aitheantas ar an ngné 'cheannródaíoch' i gcás na dtionscadal atá faoi mheasúnú Státchabhrach.

A. *Sineirgí agus difríochtaí i gcomparáid le Státchabhair*

D'fhéadfadh sé tarlú go molfadh Ballstát tacaíocht a thabhairt do thionscadal atá ag déanamh iarratas ar stádas STC nó TOAE le Státchabhair freisin. Tá sé tábhachtach béim a leagan ar an bpointe gur **nós imeachta ar leithligh ón measúnú Státchabhrach é iarratas a dhéanamh ar stádas STC nó TOAE**. **D'fhéadfadh cineálacha éagsúla faisnéise a bheith de dhíth faoin dá nós imeachta sin, mar sin.**

Leis an nós imeachta iarratais ar stádas STC agus TOAE, tá sé beartaithe a áirithiú go gcomhlíonann saoráid na cuideachta is iarrthóir sainmhíniú agus coinníollacha gaolmhara Airteagal 13 nó Airteagal 14 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna agus ní mór don chuideachta is iarratasóir an t-iarratas a dhéanamh. Ar an lámh eile, cuirtear tús leis an nós imeachta maidir le Státchabhair le fógra ó Bhallstát agus bíonn measúnú dlíthiúil agus eacnamaíoch níos leithne i gceist ar an mbeart tacaíochta poiblí a bheartaítear a dheonú don chuideachta is iarratasóir. Thairis sin, déantar an measúnú ar bhonn roinnt coinníollacha carnacha faoi Airteagal 107(3)(c) CFAE chun a áirithiú go rachaidh an beart chun tairbhe don ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhféachtar lena héascú leis agus nach ndéanfaidh sé dochar do dhálaí trádála a mhéid a bheadh bunoscionn leis an leas comhchoiteann.

**Má tá tacaíocht phoiblí trí Státchabhair beartaithe,** iarrtar ar chuideachtaí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar stádas STC agus TOAE agus ar an mBallstát/na Ballstáit lena mbaineann **fógra comhuaineach a thabhairt don Choimisiún** gur cuireadh tús leis an dá phróiseas.

Ar an gcuma chéanna, i gcás ina bhfuil tús curtha cheana féin leis an nós imeachta maidir le Státchabhair nó go bhfuil sé curtha i gcrích, moltar d'iarratasóirí ar stádas STC agus TOAE an t-iarratas ar stádas STC nó TOAE a chur isteach a luaithe is féidir agus **an tagairt ábhartha Státchabhrach a thabhairt le fios ar an bhfoirm iarratais**. I gcás ina bhfuil doiciméid ábhartha a thíolaic an Ballstát a thugann fógra sa nós imeachta maidir le Státchabhair ina seilbh ag iarratasóirí ar stádas STC nó TOAE agus na cearta dlíthiúla acu doiciméid den sórt sin a úsáid, iarrann seirbhísí an Choimisiúin ar chuideachtaí den sórt sin **athúsáid a bhaint as doiciméid tacaíochta agus tuairiscí den sórt sin** san iarratas ar leithligh ar stádas STC agus TOAE (féach Roinn III.2 freisin). Ar an gcuma chéanna, is féidir le hiarratasóirí ar stádas STC agus TOAE, i gcomhaontú le Ballstát agus tríd an mBallstát sa nós imeachta maidir le Státchabhair, athúsáid a bhaint, an oiread agus is féidir, as doiciméad a tíolacadh i gcomhthéacs an iarratais ar stádas STC agus TOAE don nós imeachta Státchabhrach freisin. Nuair is féidir, go deimhin, **déanfar an dá nós imeachta sin agus na measúnuithe faoi seach a thabhairt i gcrích ag an tráth céanna**. Beidh seirbhísí ábhartha an Choimisiúin i ndlúth-theagmháil lena chéile chun comhordú a dhéanamh ar an mbealach is fearr maidir le comhlíonadh na gcritéar le haghaidh STC agus TOAE faoi seach, chun an próiseas déanta cinntí a bhrostú agus chun ualach breise ar na hiarratasóirí a sheachaint. Déanfaidh seirbhísí ábhartha an Choimisiúin iarracht cinntí comhuaineacha a eisiúint freisin, ach beidh an tráthchlár ag brath ar iomláine na faisnéise a chuirfidh an t-iarratasóir agus an Ballstát/na Ballstáit araon ar fáil, agus ar fhiúntas gach cáis aonair atá faoi athbhreithniú.

B. *An chéim réamhiarratais*

Léiríonn taithí an Choimisiúin sa nós imeachta maidir le Státchabhair breisluach na dteagmhálacha réamhfhógra ([13]), teagmhálacha a ligeann do sheirbhís an Choimisiúin agus an Ballstát a thugann fógra ([14]) na gnéithe dlíthiúla agus eacnamaíocha de thionscadal atá beartaithe a phlé go neamhfhoirmiúil agus faoi rún sula dtabharfar fógra, agus cáilíocht agus iomláine na bhfógraí a fheabhsú ar an gcaoi sin. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh an Ballstát agus seirbhís an Choimisiúin tograí cuiditheacha a fhorbairt go comhpháirteach freisin chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe achrannacha de bheart atá beartaithe. Tugann an chéim seo an deis chun an chaoi a gcaitear le fógraí a luaithe a bheidh siad curtha faoi bhráid an Choimisiúin go foirmiúil a bhrostú. Measann an Coimisiún gur féidir na breithnithe sin a chur i bhfeidhm freisin, *mutatis mutandis*, sa nós imeachta iarratais ar stádas STC nó TOAE i bhfoirm 'céim réamhiarratais'.

([12]) Teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2022, COM(2022) 45 final. Tá an Teachtaireacht ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.

([13]) Cód na nDea-chleachtas maidir le nósanna rialaithe Státchabhrach a dhéanamh, atá ar fáil ag https://ec.europa.eu/competition/state_aid/legislation/best_practices_code_en.pdf

([14]) Faoi nósanna imeachta maidir le Státchabhair, ní féidir ach leis an mBallstát/na Ballstáit lena mbaineann an (réamh)f(h)ógra a thíolacadh.

Is deis í **an chéim réamhiarratais** don iarratasóir plé a dhéanamh leis an gCoimisiún agus treoraíocht a fháil faoin gcaoi lena áirithiú go ndéanfaidh sé an fhaisnéis uile is gá a thíolacadh. Cabhróidh céim réamhiarratais thairbheach freisin chun tuiscint a fheabhsú maidir le haon saincheist shubstainteach a ardaítear le tionscadal atá beartaithe. **Tá sé tábhachtach a thabhairt le fios nach céim éigeantach é réamh-iarratas.** D'fhéadfadh sé gur mhian le cuideachtaí smaoineamh ar réamh-iarratas go háirithe má bhaineann eilimintí ar leith nó gnéithe sonracha lena dtionscadal a dfhágfadh go mbeadh plé neamhfhoirmiúil roimh ré le seirbhísí an Choimisiúin ina chuidiú.

Chun gur féidir céim réamhiarratais chuiditheach éifeachtúil a bheith ann, is chun leasa an iarratasóra é an fhaisnéis a bheidh de dhíth chun measúnú a dhéanamh ar an tionscadal atá beartaithe a sholáthar do sheirbhís an Choimisiúin, trí dhréachtfhoirm iarratais. Chun próiseáil thapa an iarratais a éascú, is fearr i bprionsabal teagmhálacha réamhiarratais amhail ríomhphoist, físchomhdhálacha etc. a bheith ann seachas cruinnithe.

Níor cheart go mairfeadh teagmhálacha réamhiarratais ar feadh níos faide ná 2 mhí, déantar iad a sheoladh faoi chuing rúin chun treoraíocht **neamhcheangailteach** agus neamhfhoirmiúil de chuid na seirbhíse den Choimisiún a sholáthar agus é mar aidhm leis an próiseas iarratais foirmiúil a éascú ina dhiaidh sin.

**Dá bhrí sin, ní sholáthróidh an Coimisiún aon mheasúnú foirmiúil ná oifigiúil** ag an gcéim sin. **Go háirithe, níltear ag súil leis go dtabharfaidh cuideachtaí gealltanas** aon cheann de na hoibleagáidí a bhaineann le stádas STC agus TOAE a chomhlíonadh.

## 4. Oibleagáidí a eascraíonn as stádas STC agus TOAE

Anuas ar na gealltanais a dhéantar chun a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar stádas STC nó TOAE (gealltanais a dhéanfaidh an Coimisiún faireachán ar a gcur chun feidhme iarbhír, féach Roinn III chun tuilleadh sonraí a fháil), ceanglaítear ar ghnóthais a gheobhaidh **stádas STC nó TOAE Airteagal 26** den Ghníomh Eorpach um Shliseanna **a chomhlíonadh**. De réir an airteagail sin, '*i gcás ina ngníomhachtófar an chéim géarchéime de bhun Airteagal 23, féadfaidh an Coimisiún a éileamh ar shaoráidí táirgeachta comhtháite agus ar theilgcheártaí oscailte AE* ***glacadh le hordú táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tús áite a thabhairt dó (ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis)***'.

Gníomhachtú **na céime géarchéime** agus cur i bhfeidhm **orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, ós bearta 'in am an éigin' iad araon, tá siad faoi réir ag critéir agus coinníollacha thar a bheith sonrach** lena áirithiú go mbeidh siad **riachtanach agus comhréireach**.

### A. *An chéim ghéarchéime*

Ba cheart an chéim ghéarchéime leathsheoltóra a chur i bhfeidhm má bhíonn fianaise nithiúil thromchúiseach iontaofa ann go bhfuil géarchéim den sórt sin ann. Tharlódh géarchéim leathsheoltóra i gcás ina mbeadh briseadh tromchúiseach ar sholáthar leathsheoltóirí nó bacainní tromchúiseacha ar thrádáil leathsheoltóirí laistigh den Aontas, rud is cúis le ganntanais shuntasacha leathsheoltóirí, táirgí idirmheánacha nó amhábhar nó ábhar próiseáilte, agus dá gcuirfeadh na ganntanais shuntasacha sin cosc ar sholáthar, deisiú agus cothabháil táirgí riachtanacha a úsáideann earnálacha criticiúla ([15]), (e.g. trealamh leighis agus diagnóiseach) sa mhéid go mbeadh tionchar díobhálach tromchúiseach aige ar fheidhmiú na n-earnálacha criticiúla i ngeall ar a dtionchar ar shochaí, ar gheilleagar agus ar shlándáil an Aontais. Dhéanfaí an ghéarchéim a aithint a bheith amhlaidh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme ón gComhairle. **Má dhéantar céim ghéarchéime a thúsú agus má tá sí riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim leathsheoltóira san Aontas**, féadfaidh an Coimisiún a chumasú go heisceachtúil chun bearta éigeandála áirithe a dhéanamh atá i m**bosca uirlisí éigeandála** atá leagtha amach sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna. Déantar gach beart a chur i gcrích i ndiaidh idirphlé leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí ([16]) agus ní dhéanfar é ach a mhéid is gá, is iomchuí agus is comhréireach, i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais.

([15]) Thugtar sainmhíniú ar earnálacha criticiúla in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna agus áirítear leo fuinneamh; iompar; baincéireacht; bonneagar an mhargaidh airgeadais; sláinte; uisce óil; fuíolluisce; bonneagar digiteach; riarachán poiblí; an spás; táirgeadh, próiseáil agus dáileadh bia; cosaint; agus slándáil.

([16]) Féach fonóta 5 den Treoraíocht seo agus d'Airteagal 28-30 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna.

Tá roinnt uirlisí sa bhosca uirlisí éigeandála:

— **iarrataí ar fhaisnéis** (Airteagal 25): chun an tuiscint ar bhristeacha sa slabhra soláthair a mhéadú agus le gur féidir dul i mbun cinnteoireachta mar fhreagairt ar ghéarchéim, cumhachtaítear don Choimisiún faoin nGníomh Eorpach um Shliseanna iarrataí ar fhaisnéis éigeantacha a sheoladh maidir le cumais agus acmhainneachtaí táirgeachta, agus maidir leis an bpríomhshuaitheadh reatha, agus ar shonraí eile atá ann cheana is gá chun measúnú a dhéanamh ar chineál na géarchéime nó chun bearta féideartha maolaithe nó éigeandála a bheadh le cur i bhfeidhm a shainaithint agus a mheasúnú.

— **orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo** (Airteagal 26): féach pointe B thíos.

— **ceannach comhpháirteach** (Airteagal 27): mar ionstraim bhreise chun leithdháileadh acmhainní ar réimsí tosaíochta a áirithiú, tá foráil sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna maidir le creat chun ceannach comhpháirteach a dhéanamh ar táirge ábhartha i gcás táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime.

Ina theannta sin, féadfaidh an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí comhairle a thabhairt maidir leis an ngá atá le bearta cosanta a thabhairt isteach de bhun Rialachán (AE) 2015/479 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]) (e.g. údaruithe onnmhairiúcháin).

B. *Orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo*

Chun aghaidh a thabhairt ar an easpa ionstraimí atá ar fáil chun leithdháileadh iomchuí acmhainní a áirithiú san Aontas le linn ganntanas d'earnálacha ríthábhachtacha atá an-leochaileach, tá foráil sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna i dtaca le hoibleagáid maidir le rátáil tosaíochta le haghaidh le haghaidh STCanna agus TOAEnna. Is é atá i gceist leis an oibleagáid maidir le rátáil tosaíochta oibleagáid infhorfheidhmithe chun glacadh le hordú le haghaidh táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tús áite a thabhairt don ordú sin.

I gcás inarb infheidhme, féadfar **an oibleagáid sin a fhorchur mar cheangal ar ghnóthais leathsheoltóra eile** a ghlac an fhéidearthacht sin i gcomhthéacs **tacaíocht phoiblí a fháil**. Thairis sin, faoi Airteagal 26(3), **ceanglaítear** ar ghnóthas leathsheoltóra atá bunaithe san Aontas **an Coimisiún a chur ar an eolas** má thagann sé **faoi bheart um ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis de chuid tríú tír**. I gcás ina n-imríonn an oibleagáid sin tionchar mór ar oibriú earnálacha criticiúla áirithe, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inar gá agus inar comhréireach, a cheangal ar an ngnóthas sin orduithe táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime a ghlacadh agus tús áite a thabhairt dóibh.

**Tá orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo le bheith teoranta do thairbhithe a úsáideann leathsheoltóirí in earnálacha criticiúla** agus do ghnóthais a sholáthraíonn earnálacha criticiúla a bhfuil a ngníomhaíochtaí suaite nó i mbaol suaite, agus nach raibh in ann, tar éis dóibh bearta iomchuí maolaithe riosca a dhéanamh, tionchar an ghanntanais a sheachaint ná a mhaolú. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar thairbhí é sin a chruthú le fianaise iomchuí.

Féadfaidh an oibleagáid sin a achtú **trí chinneadh ón gCoimisiún** a dhíreofar chuig an gcuideachta aonair, i ndiaidh measúnú ar dhálaí sonracha an cháis agus gan é sin a dhéanamh ach amháin más gá agus más comhréireach, ag féachaint d'aidhmeanna dlisteanacha an ghnóthais agus don chostas agus don iarracht is gá le haghaidh aon athrú ar an seicheamh táirgeachta. Sa chinneadh ón gCoimisiún shonrófaí an táirge, an chainníocht agus an teorainn ama. Ní mór aon ordú den sórt sin a dhéanamh **ar phraghas cóir réasúnta**. Gheobhaidh cuideachtaí a chomhlíonfaidh ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis **cosaint dliteanais** ina dhiaidh sin as aon sárú ar oibleagáidí conarthacha is gá chun ordú den sórt sin a chomhlíonadh. Déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na socruithe praiticiúla agus na socruithe oibríochtúla breise maidir le feidhmiú na n-orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo (Airteagal 26(8)).

Sonraítear in Airteagal 26(6) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna '*sula n-eiseofar orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, tabharfaidh an Coimisiún deis d'fhaighteoir beartaithe ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis éisteacht a fháil maidir le hindéantacht agus sonraí an ordaithe*'. ***Ní eiseoidh an Coimisiún an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis sna cásanna seo a leanas:***

(a) nuair nach bhfuil an gnóthas in ann an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a dhéanamh mar thoradh ar chumas táirgeachta nó acmhainneacht táirgeachta neamh-leordhóthanach, nó ar fhorais theicniúla, fiú i gcás cóir fhabhrach i leith an ordaithe;

(b) dá mbeadh an gnóthas faoi ualach eacnamaíoch míréasúnta agus dá mbeadh cruatan ar leith i gceist don ghnóthas mar thoradh ar ghlacadh an ordaithe, lena n-áirítear rioscaí suntasacha a bhaineann le leanúnachas gnó'.

([17]) Rialachán (AE) 2015/479 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha le haghaidh onnmhairí (IO L 83, 27.3.2015, lch. 34).

A luaithe a bheidh stádas STC nó TOAE faighte ag an iarratasóir, beidh sé **faoi cheangal dlí na forálacha a bhaineann le tús áite a thabhairt d'orduithe a urramú** le linn géarchéime faoin nGníomh Eorpach um Shliseanna. Iarrfaidh an Coimisiún ar chuideachtaí an gealltanas sin a admháil go sainráite le linn an nós imeachta iarratais.

## III. Iarratas ar Stádas mar shaoráid táirgeachta chomhtháite nó mar theilgcheárta oscailte AE

Sa roinn seo a leanas tá sraith **ceisteanna agus freagraí** (de bhun Airteagal 15 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna) chun iarratasóirí a threorú maidir **leis an bpróiseas iarratais, na doiciméid is gá agus an fhormáid iomchuí**, mar chomhlánú ar an bhfoirm iarratais agus an seicliosta i Roinn IV

Tá síorfhás ag teacht ar an taithí atá ag seirbhísí an Choimisiúin ar iarratais ar stádas STC nó TOAE faoin nGníomh Eorpach um Shliseanna, agus tarraingítear sa Treoraíocht seo ar an taithí chéanna. Sa Treoraíocht cuirtear san áireamh cásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta. Féadfaidh an Coimisiún an Treoraíocht seo a athbhreithniú i bhfianaise forbairtí amach anseo agus léargais a thiocfaidh chun cinn.

Tá an anailís ar iarratais ar stádas STC nó TOAE gan dochar do léirmhíniú ar an nGníomh Eorpach um Shliseanna a d'fhéadfadh an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta a thabhairt. Tugann an Coimisiún gealltanas caitheamh le haon fhaisnéis a d'fhéadfadh sé a fháil in iarratas ar aitheantas mar STC nó TOAE go hiomlán faoi rún agus gan faisnéis den sórt sin, atá cumhdaithe faoi oibleagáid na rúndachta gairmiúla i gcomhréir le hAirteagal 339 CFAE, chomh maith le rialacha inmheánacha an Choimisiúin maidir le láimhseáil shlán sonraí (go háirithe Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún) ([18])), a úsáid ach amháin chun críocha an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna.

### 1. Cé atá in ann iarratas a dhéanamh chun stádas STC agus TOAE a fháil?

De réir Airteagal 15(1) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna, ***'féadfaidh aon ghnóthas nó cuibhreannas gnóthas iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin*** *chun stádas mar shaoráid táirgeachta chomhtháite nó mar theilgcheárta oscailte AE a dheonú do thionscadal*. Mar sin féin, ní mór roinnt critéar a chomhlíonadh chun go mbronnfar an stádas ort (féach an freagra ar cheist 2).

### 2. Cad iad na ceanglais a mheasann an Coimisiún agus measúnú á dhéanamh aige ar an iarratas?

Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar iarratas, déanann sé seiceáil ar cé acu a comhlíonadh sraith riachtanas agus doiciméad nó nár comhlíonadh agus cé acu ar cuireadh nó nár cuireadh isteach iad, mar a liostaítear thíos.

**Tabhair do d'aire go bhfuil na doiciméid a sholáthraítear i gcomhthéacs an nós imeachta um údarú Státchabhrach úsáideach freisin chun measúnú a dhéanamh** ar iarratais ar stádas STC nó TOAE. Moltar d'iarratasóirí ar stádas STC agus TOAE, a bhfuil nós imeachta maidir le Státchabhair idir lámha acu nó curtha i gcrích acu, **an tagairt ábhartha Státchabhrach a thabhairt le fios** ar an bhfoirm iarratais. I gcás ina bhfuil doiciméid ábhartha a thíolaic an Ballstát a thugann fógra sa nós imeachta maidir le Státchabhair ina seilbh ag iarratasóirí ar stádas STC nó TOAE agus na cearta dlíthiúla acu doiciméid den sórt sin a úsáid, iarrann seirbhísí an Choimisiúin ar chuideachtaí den sórt sin **athúsáid a bhaint as doiciméid tacaíochta agus tuairiscí den sórt sin** san iarratas ar leithligh ar stádas STC agus TOAE. Mar mhalairt air sin, féadfaidh cuideachtaí a dhéanann iarratas an t-údarú a sholáthar freisin ón mBallstát a thugann fógra gur féidir doiciméid áirithe arna tíolacadh i gcomhthéacs an fhógra maidir le Státchabhair a úsáid freisin don phróiseas iarratais. Aon doiciméad den sórt sin atá sainaitheanta go sonrach, ní gá iad a ath-thíolacadh. Ar an gcuma chéanna, is féidir le hiarratasóirí ar stádas STC agus TOAE, i gcomhaontú le Ballstát agus tríd an mBallstát sa nós imeachta maidir le Státchabhair, athúsáid a bhaint, an oiread agus is féidir, as doiciméad a tíolacadh i gcomhthéacs an iarratais ar stádas STC agus TOAE don nós imeachta Státchabhrach freisin. Tabhair do d'aire go bhfuil sé sin bailí le haghaidh na gcritéar uile arna measúnú san iarratas ar stádas STC agus TOAE chomh fada agus gur féidir na doiciméid agus na tuairiscí a úsáidtear don nós imeachta maidir le Státchabhair a úsáid chun comhlíonadh na gcritéar agus na gceanglas a bhfuil tuairisc orthu thíos a chruthú. Más rud é nach amhlaidh an cás, beidh doiciméid agus modhanna cruthúnais nua le soláthar, nó beidh na forlíontaí iomchuí le soláthar.

#### A. *Gné cheannródaíoch*

Measann an Coimisiún ar dtús **gné "cheannródaíoch" na saoráide** (pointe 1 den fhoirm iarratais), mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(2) nó le hAirteagal 14(2) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna.

([18]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

Iarrtar ar an iarratasóir tuairisc a thabhairt ar an tionscadal de réir an tsainmhínithe ar "cheannródaíoch". Más rud é go bhfuil fógra tugtha cheana féin le cinneadh maidir le Státchabhair lena n-aithnítear gné "cheannródaíoch" a bheith ag an tsaoráid, déanfar toimhde den aitheantas sin don nós imeachta faoin nGníomh Eorpach um Shliseanna. Go háirithe, an ghné nó na gnéithe nuálaíochta a thabharfaidh an próiseas monaraíochta nó táirge deiridh a saoráide chuig an margadh inmheánach, ba cheart don iarratasóir an ghné nó na gnéithe sin a shonrú, nach bhfuil ann fós, agus nach bhfuil gealltanas tugtha go dtógfar é, san Aontas. Ba cheart don iarratasóir soiléiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil a thionscadal éagsúil ó shaoráidí atá ann cheana agus – go bhfios dó – ó thionscadail atá beartaithe (le tacaíocht phoiblí nó gan tacaíocht phoiblí) san Aontas.

Ba cheart don iarratasóir fianaise a sholáthar ó fhoinsí poiblí nó ó eolas margaidh i ndáil le haon saoráid atá ann cheana nó atá beartaithe agus ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí cosúla agus míniú mionsonraithe a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil siad difriúil ó na cinn atá ag an tsaoráid atá i mbun iarratais.

Níor cheart an míniú **a bheith níos faide ná 5 000 carachtar (thart ar thrí leathanach). Doiciméid tacaíochta atá le huaslódáil chuig an bhfillteán "01-First-of-a-kind" in S-CIRCABC**.

Ar na doiciméid a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun gné "cheannródaíoch" na saoráide a léiriú tá staidéir mhargaidh agus tuarascálacha faoi ghnó agus táirgí na saoráide, doiciméadacht inmheánach ar thionscadail agus/nó doiciméid a úsáideann an bord chun cinntí inmheánacha a dhéanamh. Féach freisin Roinn II den Treoraíocht seo.

B. *Gealltanas na critéir a leagtar amach in Airteagal 13(3) nó in Airteagal 14(3) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna a chomhlíonadh.*

Ar an dara dul síos, iarrann an Coimisiún ar an iarratasóir, i bpointe 2 den fhoirm iarratais, **gealltanas a thabhairt go gcomhlíonfaidh sé na critéir STC nó TOAE**, mar a leagtar amach in Airteagal 13(3) nó in Airteagal 14(3) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna faoi seach iad. Is iad seo a leanas na critéir:

(a) *tionchar dearfach* (pointe 2.1 den fhoirm iarratais): ní mór don ghnóthas a chruthú go mbeidh tionchar dearfach soiléir ag a bhunadh ar shlabhra luacha leathsheoltóra an Aontais sa mheántéarma agus san fhadtéarma, tionchar lena ngabhfaidh éifeachtaí iarmharta a rachaidh níos faide ná an gnóthas nó an Ballstát lena mbaineann, d'fhonn slándáil soláthair agus athléimneacht an éiceachórais leathsheoltóra a áirithiú, lena n-áirítear fás gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, agus chun rannchuidiú le haistriú glas agus le haistriú digiteach an Aontais.

Níor cheart an míniú **a bheith níos faide ná 5 000 carachtar (thart ar thrí leathanach).**

Déanfar éifeachtaí seach-iarmharta féideartha ar bhonn cás ar chás.

InAithris 34 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna tugtar tuairiscar na gníomhaíochtaí éagsúlaa bhféadfaidh an t-iarratasóir iad a mheas chun go gcáileoidh a shaoráid mar STC nó TOAE. Ar na samplaí tá:

— rochtain a thabhairt do thríú páirtithe ar shaoráidí monaraíochta i gcoinne táille mhargaidh;

— pacáistí deartha próisis a thabhairt do chuideachtaí dearthóireachta beaga nó don ardán dearthóireachta fíorúil (Airteagal 5 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna);

— torthaí óna ghníomhaíochtaí T&F a scaipeadh;

— páirt a ghlacadh i gcomhar taighde le hollscoileanna agus institiúidí taighde Eorpacha;

— comhoibriú le húdaráis náisiúnta nó le hinstitiúidí oideachais agus gairme chun cur le forbairt scileanna;

— rannchuidiú le tionscadail taighde ar fud an Aontais;

— nó deiseanna tacaíochta tiomnaithe a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna.

An tionchar ar roinnt Ballstát, lena n-áirítear i ndáil leis na cuspóirí comhtháthaithe, ba cheart an tionchar sin a mheas mar cheann de na táscairí go bhfuil tionchar dearfach soiléir ag STC nó TOAE ar an slabhra luacha leathsheoltóra san Aontas.

**I gcás Teilgcheártaí Oscailte AE, agus iadsan amháin** [19]: tabharfaidh an Coimisiún aird go háirithe ar a mhéid a chuireann sé acmhainneacht táirgeachta tosaigh nó chúil ar fáil do ghnóthais, nó an dá rud, nach bhfuil baint acu leis an tsaoráid, má tá éileamh leordhóthanach ann.

[19] Airteagal 14(3)(a).

(b) *Dearbhú gan bheith faoi réir cur i bhfeidhm seach-chríochach oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhaineann le tríú tíortha* (pointe 2.2 den fhoirm iarratais): iarrtar ar an iarratasóir dearbhú a thabhairt nach bhfuil sé faoi réir cur i bhfeidhm seach-chríochach oibleagáidí seirbhíse poiblí de chuid tríú tíortha a d'fhéadfadh a chumas a bhonneagar, a bhogearraí, a sheirbhísí, a shaoráidí, a shócmhainní, a acmhainní, a mhaoin intleachtúil nó a fhios gnó a úsáid a chur i mbaol, ar rudaí iad atá ag teastáil chun an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo faoin nGníomh Eorpach um Shliseanna. Thairis sin, geallann an t-iarratasóir go gcuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas má thagann oibleagáid den sórt sin chun cinn.

Más rud é go bhféadfadh coinne a bheith ag STC nó TOAE a bheith faoi réir oibleagáid seirbhíse poiblí ó thríú tír chomh maith le hoibleagáid chontrártha ón gCoimisiún, d'iarrfaí air a acmhainneacht táirgeachta a eagrú agus a sheicheamhú ar bhealach lena n-áiritheofaí gur féidir na hoibleagáidí arna bhforchur ag an gCoimisiún a chomhlíonadh.

D'fhéadfaí dearbhú den sórt sin a thabhairt i ráiteas i scríbhinn, cuir i gcás, agus bheadh gá le gealltanas a chur san áireamh ann go gcuirfí an Coimisiún ar an eolas má thagann cás den sórt sin chun cinn.

Tabhair do d'aire nár cheart an míniú **a bheith níos faide ná 5 000 carachtar (thart ar thrí leathanach).**

**Ba cheart an cruthúnas nach bhfuil gnóthas faoi réir cur i bhfeidhm seach-chríochach oibleagáidí seirbhíse poiblí de chuid tríú tíortha a uaslódáil chuig an bhfillteán "02-STC-TOAE compliance criteria" in S-CIRCABC.**

Is iad na hoibleagáidí nach mór fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith aon ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis eile agus a ghlac an gnóthas ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad nó aon oibleagáid arna forchur ar an ngnóthas ag reachtaíocht nó ag conradh chun seirbhís phoiblí a sholáthar do thír nach Ballstát den Aontas í a d'fhéadfadh cumas an ghnóthais a oibleagáidí faoin nGníomh Eorpach um Shliseanna a chur i mbaol nó a d'fhéadfadh teacht salach ar an gcumas sin.

(c) *Infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht leanúnach* (pointe 2.3 den fhoirm iarratais): iarrtar ar an ngnóthas gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh sé infheistíocht san Aontas sa nuálaíocht leanúnach d'fhonn dul chun cinn nithiúil a bhaint amach sa teicneolaíocht leathsheoltóra nó teicneolaíochtaí den chéad ghlúin eile a ullmhú.

Tabhair do d'aire nár cheart an míniú **a bheith níos faide ná 5 000 carachtar (thart ar thrí leathanach).**

D'fhéadfadh a bheith i gceist le gealltanas den sórt sin, mar shampla, rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún 1 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna trí eolas agus scileanna a chur ar fáil maidir le línte píolótacha a ullmhú, iad a leanúint go dlúth agus rannchuidiú lena bhforbairt. D'fhéadfadh a bheith sa ghealltanas freisin saoráid réamh-tháirgeachta a shuiteáil ina saoráidí, chun torthaí na hiarrachta líne píolótaí a thógáil ón saotharlann (e.g. an eagraíocht taighde agus teicneolaíochta) go dtí an mhonarcha. D'fhéadfaí an gealltanas a léiriú trí phleanáil a dhéanamh infheistíocht a dhéanamh i nóid teicneolaíochta níos forbartha (e.g. an chumhacht ríomhaireachta agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú), rannchuidiú le hullmhú na línte píolótacha nó saoráidí réamh-tháirgeachta a bheith aige ar an áitreabh, etc. Ba cheart don iarratasóir a mhíniú conas a dhíríonn an tsaoráid ar nuálaíocht a thabhairt chuig an Aontas agus dul chun cinn nithiúil a bhaint amach i dteicneolaíocht leathsheoltóra agus/nó teicneolaíochtaí den chéad ghlúin eile a ullmhú.

Tá sé tábhachtach don ghnóthas a thaispeáint conas atá sé beartaithe aige nuálaíocht leanúnach a sholáthar (mar shampla, trí infheistíochtaí bliain ar bhliain sa taighde agus forbairt a lua nó garspriocanna nithiúla a leagan síos ar an mbealach i dtreo sliseanna agus táirgí nua ceannródaíocha a sheoladh). Ní dhéantar Príomhthráscairí Feidhmíochta sonracha a fhorchur leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna chun nuálaíocht leanúnach a thomhas, ach ní mór don ghnóthas is iarratasóir méadraigh shoiléire nuálaíochta a úsáid chun idirdhealú a dhéanamh idir nuálaíocht leanúnach agus an gnó laethúil.

(d) *Rún chun infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus i scileanna* (pointe 2.4 den fhoirm iarratais): ní mór don iarratasóir a mhíniú conas a thacóidh a thionscadal go nithiúil le píblíne thallainne an Aontais trí oiliúint oideachasúil agus scileanna a fhorbairt agus a imscaradh agus tríd an líon oibrithe cáilithe agus oilte a mhéadú.

Tabhair do d'aire nár cheart an míniú **a bheith níos faide ná 5 000 carachtar (thart ar thrí leathanach).**

**Ba cheart an t-ábhar tacaíochta a uaslódáil chuig an bhfillteán "02-STC-TOAE compliance criteria" in S-CIRCABC.**

Ba cheart don iarratasóir cúrsaí oideachais agus oiliúna chun an líon oibrithe cáilithe agus oilte a mhéadú san Aontas atá beartaithe a lua. Ba cheart doniarratasóir soiléiriú a thabhairt ar an idirdhealú idir gnáthchúrsaí oiliúna agus gnáth-ghníomhaíochtaí don lucht saothair agus gníomhaíochtaí atá beartaithe go sonrach chun fostaithe a fháil a bhfuil na scileanna is iomchuí, agus a bhfuil gá leo, in earnáil leathsheoltóirí an Aontais acu.

Mar shampla, d'fhéadfadh an t-iarratasóir níos mó sonraí a sholáthar maidir leis an rún atá aige oibriú le hollscoil teicneolaíochta chun infheictheacht na bpost i réimse na leathsheoltóirí agus spéis na mac léinn iontu a mhéadú. Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfadh an t-iarratasóir comhpháirtíochtaí le saineolaithe in ionaid taighde teicneolaíochta a lua. Féadfaidh an t-iarratasóir cláir oiliúna do nuatheachtaithe, ceardlanna agus cúrsaí oiliúna a thaispeáint atá dírithe ar scileanna na todhchaí a chur ar fáil do na fostaithe reatha. Mar shampla, d'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar scileanna digiteacha agus anailísíochta i ndáil leis an innealtóireacht agus leis an monaraíocht. Ar deireadh, d'fhéadfadh sé a bheith cabhrach deiseanna forbartha gairme d'fhostaithe cumasacha a lua freisin.

C. *Plean gnó (Airteagal 15(2)(b) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna)*

Ar an tríú dul síos, leis an iarratas ní mór ligean don Choimisiún **plean gnó an ghnóthais lena ndéantar meastóireacht ar inmharthanacht airgeadais agus theicniúil na saoráide** a thuiscint (pointe 3 den fhoirm iarratais). Ní mór saolré iomlán na saoráide a chumhdach sa phlean gnó , lena n-áirítear faisnéis maidir le haon chistiú poiblí atá beartaithe a fháil ón rialtas nó ó fhiontair faoi úinéireacht stáit i mBallstát na suiteála nó i dtíortha eile de chuid an Aontais nó lasmuigh den Aontas.

Ní thugann an Coimisiún treoraíocht maidir le haon fhormáid shonrach le haghaidh na ndoiciméad sin. Ní mór ábhar na ndoiciméad sin a bheith soiléir gonta.

Tabhair do d'aire nár cheart an míniú **a bheith níos faide ná 15 000 carachtar (i.e. suas le 10 leathanach).**

**Ba cheart an t-ábhar tacaíochta a uaslódáil chuig an bhfillteán "03-Business plan" in S-CIRCABC.**

Aon fhaisnéis a sholáthraítear anseo, ní bhainfear úsáid as aisti ach amháin chun críocha an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna agus tá sí cumhdaithe faoi oibleagáid na rúndachta gairmiúla i gcomhréir le hAirteagal 339 CFAE, chomh maith le rialacha inmheánacha an Choimisiúin maidir le láimhseáil shlán sonraí, go háirithe Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún.

D. *Doiciméadacht ar thaithí an iarratasóra (Airteagal 15(2)(c) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna)*

Ar an gceathrú dul síos, leis an iarratas ní mór ligean don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar **thaithí an iarratasóra** maidir le saoráidí cosúla a shuiteáil agus a oibriú (féach pointe 4 den fhoirm iarratais). D'fhéadfaí sin a léiriú trí **thuarascáil ar ghníomhaíochtaí** a sholáthar le haghaidh na mblianta roimhe sin nó tuairisc a thabhairt ar fhoireann an tionscadail agus ar an taithí ábhartha faoi seach atá acu tionscadail chosúla a bhainistiú agus/nó saoráidí cosúla a oibriú. Mura bhfuil tuarascáil ar ghníomhaíochtaí ar fáil, molann an Coimisiún ceann a chruthú go sonrach don iarratas seo agus é a bheith deimhnithe ag ionadaí dlíthiúil.

**Ba cheart an doiciméad thuasluaite a uaslódáil chuig an bhfillteán "04-Proven experience" in S-CIRCABC.**

E. *Doiciméad lena gcruthaítear go bhfuil an Ballstát nó na Ballstáit ina bhfuil sé beartaithe an tsaoráid a bhunú ullamh chun tacú lena bunú (Airteagal 15(2)(d) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna)*

Ar an gcúigiú dul síos, san iarratas ní mór go mbeidh an Coimisiún in ann a sheiceáil go ndearna an t-iarratasóir **doiciméid tacaíochta** iomchuí a sholáthar **lena gcruthaítear go bhfuil an Ballstát nó na Ballstáit** ina bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir a shaoráid a bhunú ullamh chun tacú le saoráid den chineál sin a bhunú (féach pointe 5 den fhoirm iarratais).

D'fhéadfadh litir ón mBallstát (e.g. an t-aire ábhartha i gcomhréir leis na hinniúlachtaí náisiúnta) a bheith sa doiciméad sin nó réamhchinneadh ón mBallstát chun tacú (le hairgead, ó thaobh riaracháin agus/nó ar bhealach eile) le bunú shaoráid an iarratasóra.

Ní leor rún teibí ón mBallstát a sholáthar chun tacú le saoráidí atá cosúil leis an tsaoráid atá beartaithe a sholáthar. Féadfaidh fóirdheontas airgid a bheith i gceist le tacaíocht an Bhallstáit, agus ní gá go mbeadh.

**Ba cheart an doiciméad a uaslódáil chuig an bhfillteán "05-Member State support" in S-CIRCABC.**

F. *Beartais agus pleananna i dtaca le cearta maoine intleachtúla a bheith ann (Airteagal 15(2)(e) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna)*

Tá gnólachtaí nuálacha ardteicneolaíochta níos neamhchosanta ar chúbláil faisnéise rúnda, rúin trádála, agus sonraí cosanta, mar shampla goid maoine intleachtúla, cóipeáil neamhúdaraithe, aistrithe éigeantacha teicneolaíochta, spiaireacht eacnamaíoch agus sárú ceanglas rúndachta – arna ndéanamh laistigh den Aontas agus go háirithe lasmuigh de. Cuireann a bhfuil ag titim amach le déanaí (e.g. eisfhoinsiú méadaithe, slabhraí luacha domhanda níos faide agus méadú ar úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide) leis an riosca sin. I gcás ina ndéantar faisnéis rúnda, rúin trádála, agus sonraí cosanta a fháil, a úsáid nó a nochtadh go neamhdhleathach, cuirtear isteach ar chumas an ghnóthais na hiarrachtaí nuálaíochta torthaí ar thús cadhnaíochta a bhaint amach.

Ní mór don iarratasóir a chruthú (féach pointe 6 den fhoirm iarratais) go bhfuil beartais iomchuí ann, lena bearta cosanta teicniúil agus bearta cur chun feidhme, arb é is aidhm leo:

(a) **cosaint faisnéise neamhnochta a áirithiú**;

(b) **cosaint ceart maoine intleachtúla a áirithiú**, go háirithe d'fhonn nochtadh neamhúdaraithe rún trádála nó sceitheadh teicneolaíochtaí íogaire atá ag teacht chun cinn a chosc.

Féadfaidh an t-iarratasóir beartais inmheánacha na cuideachta nó lámhleabhair d'fhostaithe, conarthaí idir úinéirí agus soláthróirí maoine intleachtúla, amhail monarchana monaraíochta, deimhnithe comhlíontachta nó cóid chleachtais tionscadail, bíodh cinn dheonacha nó éigeantacha i gceist, a thíolacadh, mar shampla.

Is é is fearr é má tá na beartais chorparáideacha atá ann cheana scríofa i dtéarmaí simplí agus i bhfriotal soiléir gonta agus bearta dea-shainithe ag gabháil leo. Ba cheart a léiriú go soiléir sna bearta conas a dhéanfar na treoracha sna beartais chorparáideacha a thabhairt i gcrích chun faisnéis, sonraí agus cearta maoine intleachtúla a chosaint go hiomchuí.

**Ba cheart na doiciméid lena gcruthaítear gurb ann don chosaint ar an dá ghné sin a uaslódáil chuig an bhfillteán "06-Protection of sensitive information" in S-CIRCABC.**

G. *Gealltanas chun tús áite a thabhairt d'orduithe le linn géarchéime (Airteagal 26 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna)*

Gnóthas a mbeidh stádas STC nó TOAE faighte aige, beidh sé faoi cheangal dlí na forálacha a bhaineann le tús áite a thabhairt d'orduithe a urramú le linn géarchéime faoin nGníomh Eorpach um Shliseanna. Ag tráth an nós imeachta iarratais, i bpointe 2.2 den fhoirm iarratais, iarrtar ar chuideachtaí a dheimhniú go sainráite gur admhaigh siad an gealltanas sin go gcomhlíonfaidh siad leis an oibleagáid atá i gceist le stádas STC agus TOAE i ndáil le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, mar a thuairiscítear in Airteagal 26 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna.

3. **Cad é an nós imeachta a leanfaidh an Coimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais?**

I gcomhréir le hAirteagal 15 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna, déanann an Coimisiún measúnú ar an iarratas trí phróiseas cothrom trédhearcach bunaithe ar na critéir agus na samplaí a luaitear sa fhreagra ar cheist 2 agus ag leanúint an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 15 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna. **Tá an measúnú roinnt i gceithre chéim**, a bhfuil tuairisc orthu thíos. Leis an **tráthchlár** a thugtar le fios**le haghaidh gach céime, cuirtear san áireamh nach mór don Choimisiún iarratas a phróiseáil agus cinneadh a ghlacadh laistigh de 6 mhí tar éis dó iarratas iomlán a fháil**. Féadfaidh moilleanna, ag céim ar bith den nós imeachta, a bheith ann sa phróiseas iarratais de dheasca iarratais neamhiomlán.

A. *An t-iarratas a fháil agus measúnú ar an gcéad leibhéal (fíorúchán ar an bhfoirm ghréasáin)*

Tríd an ardán Futurium, is féidir leis na cuideachtaí a spéis a léiriú chun iarratas a dhéanamh ar stádas STC nó TOAE tríd an bh**foirm ghréasáin** a líonadh isteach lena bhfaisnéis aitheantais agus tuairisc ghairid ar an tsaoráid agus ar an tionscadal (féach an Iarscríbhinn chun tuilleadh sonraí a fháil). A luaithe a bheidh an t-iarratas curtha isteach, gheobhaidh an t-iarratasóir teachtaireacht uathoibríoch ón ardán Futurium agus tugtar fógra don Choimisiún.

Nuair a bheidh fógra tugtha don iarratasóir, tosóidh an Coimisiún ar sheiceáil gur líonadh an fhoirm ghréasáin isteach i gceart. Ag an gcéim seo den nós imeachta, féadfaidh an Coimisiún dul i dteagmháil leis an gcuideachta trí úsáid a bhaint as an seoladh ríomhphoist a tugadh san fhoirm ghréasáin chun sonraí breise nó faisnéis bhreise a iarraidh, más gá.

A luaithe a bheidh an Coimisiún in ann sonraí aitheantais agus rún an iarratasóra a fhíorú, iarrtar ar an iarratasóir dul isteach i bhfoghrúpa ar Futurium nach bhfuil rochtain ach acu féin agus ag an gCoimisiún air. Laistigh den fhoghrúpa sin, tugann an Coimisiún fógra don iarratasóir agus comhroinneann sé an nasc chuig an ardán slán S-CIRCABC, áit ar féidir leis an iarratasóir leanúint den iarratas ar stádas STC nó TOAE. In S-CIRCABC, iarrtar ar an iarratasóir an fhoirm iarratais atá líonta isteach agus doiciméid tacaíochta ghaolmhara a uaslódáil.

Nuair a bheidh na doiciméid agus an cruthúnas uile is gá uaslódáilte ag an iarratasóir, deimhneoidh an Coimisiún don iarratasóir tríd an bhfoghrúpa in Futurium go bhfuil a iarratas curtha i gcrích agus go bhfuil sé á chur ar aghaidh anois chuig an dara leibhéal measúnaithe.

Tugtar na tréimhsí ama thíos mar léiriú agus tá siad bunaithe ar mheastachán ar an méid ama is gá chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas ag gach céim den nós imeachta.

— Ba cheart go mairfeadh céim na fála agus an mheasúnaithe ar an gcéad leibhéal **2 sheachtain**.

B. *Measúnú ar an dara leibhéal (iomláine an iarratais)*

Déanann an Coimisiún measúnú ag an bpointe seo go bhfuil **na doiciméid uile san áireamh agus go bhfuil sé inléite ón taobh teicniúil**. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil an fhaisnéis a chuir an t-iarratas ar fáil neamhiomlán, iarrfaidh sé ar an iarratasóir san fhoghrúpa Futurium an fhaisnéis bhreise is gá chun an t-iarratas a chomhlánú a thíolacadh gan moill mhíchuí.

— A luaithe a mheasann an Coimisiún go bhfuil an t-iarratas **iomlán** agus go bhfuil na doiciméid agus an fhaisnéis uile is gá ann, **laistigh de 2 sheachtain**, tabharfaidh sé fógra don iarratasóir tríd an bhfoghrúpa Futurium go gcuirfear tús leis an tríú leibhéal measúnaithe, an leibhéal deireanach.

C. *Measúnú ar an tríú leibhéal (comhlíonadh na gcritéar le haghaidh stádas STC agus TOAE)*

Sa mheasúnú ar an tríú leibhéal déantar **comhlíonadh na gcritéar le haghaidh stádas STC nó TOAE agus inmharthanacht an tionscadail** a mheas, mar a mhínítear sa fhreagra ar cheist 2. I gcás na hinmharthanachta, déanann an Coimisiún measúnú ar an bplean gnó lena dtugtar fianaise ar inmharthanacht airgeadais an tionscadail, doiciméadacht faoi thaithí an iarratasóra, agus an litir nó an doiciméad lena gcruthaítear go bhfuil an Ballstát nó na Ballstáit ina bhfuil sé beartaithe an tsaoráid a bhunú ullamh chun tacú lena bunú. Cuireann an doiciméadacht sin ar chumas an Choimisiúin díriú ar thionscadail a bhfuil ionchas léirithe acu go n-éireoidh leo don stádas.

— Féadfaidh an measúnú ar an tríú leibhéal maireachtáil idir 3 mhí agus 4 mhí as an 6 mhí san iomlán, ag brath ar chastacht an tionscadail a tíolacadh agus ar mheasúnú a bheith déanta roimhe sin air i gcomhthéacs an nós imeachta maidir le Státchabhair.


D. *Comhairle ón mBord Eorpach um Leathsheoltóirí agus an cinneadh*

Nuair a bheidh a mheasúnú curtha i gcrích ag an gCoimisiún, rachaidh sé i gcomhairle leis an m**Bord Eorpach um Leathsheoltóirí** ar bhonn na faisnéise neamhrúnda a chuir an t-iarratasóir isteach agus i gcomhréir leis an gcreat slándála faisnéise a úsáideann an Coimisiún agus leis na rialacha rúndachta uile (féach thíos).

Agus dearcadh an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí á gcur san áireamh, déanann an Coimisiún a mheasúnú a thabhairt chun críche agus tugann sé fógra don iarratasóir faoi **chinneadh an Choimisiúin trí ríomhphost**. Cuirtear an cinneadh ar fáil go poiblí níos déanaí in Futurium. Sa leagan poiblí den chinneadh, bainfear aon tagairt d'fhaisnéis rúnda.

I g**cinneadh an Choimisiúin** tugtar le fios an stádas a deonaíodh (STC nó TOAE) agus fad an stádais ar bhonn shaolré tuartha an tionscadail.

— Déantar an cinneadh a eisiúint **tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis iarratas iomlán a fháil** (féach an measúnú ar an dara leibhéal freisin.).




***Fíor 1***

**An próiseas meastóireachta ar iarratais ar stádas STC agus TOAE**

4. **Nuair a bheidh an stádas STC nó TOAE deonaithe, an ndéanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an tionscadail?**

Déanann an Coimisiún faireachán ar an dul chun a bhaintear amach maidir le bunú agus oibriú STC nó TOAE. Go háirithe, féadfaidh an Coimisiún a chur de cheangal ar an ngnóthas tuarascáil a sholáthar (go bliantúil nó ar mhinicíocht dhifriúil, ag brath ar fhad iomlán an tionscadail) ina sonrófar dul chun cinn an tionscadail agus comhlíonadh leanúnach na gcritéar fíor-riachtanach agus na ngealltanas ar deonaíodh an stádas STC nó TOAE ar a mbonn. Cuireann an Coimisiún an Bord Eorpach um Leathsheoltóirí ar an eolas trí S-CIRCABC freisin.

A. *Leasuithe ar an stádas*

*Leasuithe arna n-iarraidh ag oibreoir na saoráide*

Nuair a bhíonn údar cuí leis, i gcás imthosca seachtracha gan choinne, féadfaidh oibreoir na saoráide a bhfuil stádas STC nó TOAE faighte aici iarraidh chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin (tríd an bhfoghrúpa Futurium agus, más gá, trí chruthúnais arna n-uaslódáil in S-CIRCABC) chun **athbhreithniú a dhéanamh ar fhad an stádais nó chun a phleananna cur chun feidhme a mhodhnú** i ndáil le comhlíonadh na gceanglas. Déanann an Coimisiún measúnú ar an gcuí-réasúnú agus/nó imthosca seachtracha ar bhonn cás ar chás. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fhad an stádais a deonaíodh ina chinneadh bunaidh nó féadfaidh sé glacadh leis an modhnú ar na pleananna cur chun feidhme.

*Leasuithe arna n-iarraidh ag an gCoimisiún*

Má chinneann an Coimisiún nach gcomhlíonann saoráid na ceanglais de chuid STC nó TOAE a thuilleadh mar a bhunaítear le hAirteagail 13 agus 14 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna, iarrfaidh sé ar an oibreoir a bharúil a thabhairt agus bearta iomchuí a mholadh.

B. *Aisghairm an stádais*

Féadfaidh an Coimisiún cinneadh lena n-aithnítear stádas STC nó TOAE a aisghairm más rud é go raibh an t-aitheantas bunaithe ar **iarratas ina bhfuil faisnéis mhícheart nó más rud é**, d'ainneoin an nós imeachta a bheith curtha i gcrích, **nach gcomhlíonann an tsaoráid t na ceanglais** le go ndeonófaí an stádas uirthi. Sula ndéanfaidh sé an cinneadh sin, téann an Coimisiún i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí tar éis dó na cúiseanna leis an aisghairm arna moladh a thabhairt dó.

Tá an ceart ar achomharc ag oibreoir na saoráide i gcoinne cinneadh an Choimisiúin stádas a aisghairm. Saoráidí ar aisghaireadh a gcuid stádas, caillfidh siad na cearta uile a bhaineann le haithint an stádais sin a eascraíonn as an nGníomh Eorpach um Shliseanna. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 15(8) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna, tá **saoráidí den sórt sin fós faoi réir na hoibleagáide** a leagtar amach in Airteagal 26(1) den Ghníomh Eorpach um Shliseanna **chun glacadh le hordú ar tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus tús áite a thabhairt dóibh** (ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis) **ar feadh tréimhse a bheidh coibhéiseach leis an tréimhse a bhí beartaithe ar dtús nuair a deonaíodh nó nuair a athbhreithníodh an stádas, más rud é go bhfuil an céim ghéarchéim gníomhachtaithe.**

5. **Cén chaoi a n-oibríonn tíolacadh leictreonach an iarratais?**

Iarrtar ar iarratasóirí ar stádas STC agus TOAE doiciméid a thíolacadh mar chomhaid leictreonacha agus trí mheán leictreonach más féidir. Seachadtaí de láimh, nach nglactar leo ach amháin i gcásanna eisceachtúla, ba cheart iad a dhéanamh laistigh d'uaireanta oscailte chuig an seoladh a shonraítear ar an leathanach teagmhála in Futurium.

Chun an t-aitheantas a fháil dá dtionscadal (beartaithe) mar STC nó TOAE, is féidir le cuideachtaí aonair nó cuibhreannas cuideachtaí iarratas a dhéanamh go díreach chuig an gCoimisiún tríd an ardán pobail **Futurium**. Ar Futurium, ba cheart don iarratasóir foirm ghréasáin a líonadh isteach le faisnéis bhunriachtanach amhail:

— ainm an ghnóthais agus a acrainm (más ábhartha);

— an cineál iarratais (STC nó TOAE);

— an príomhphointe teagmhála (oibreoir na saoráide nó bainisteoir an tionscadail);

— an tír thionscnaimh;

— Ballstát/Ballstáit na suiteála;

— achoimre ghearr ar an gcuideachta agus ar an tionscadal (5 000 carachtar ar a mhéad);

— Achoimre neamhrúnda ar an tsaoráid nó ar a tionscadal agus a cuspóirí (5 000 carachtar ar a mhéad). Ní mór an achoimre a dhréachtú sa chaoi nach mbeidh aon fhaisnéis rúnda ná aon rúin ghnó inti. Tá sé beartaithe go ndéanfar an achoimre neamhrúnda sin a chomhroinnt, i gcomhréir leis an gcreat slándála faisnéise a úsáideann an Coimisiún agus leis na rialacha rúndachta uile (féach an Roinn thíos), leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí le haghaidh comhairliúchán sula ndéanfar an cinneadh críochnaitheach.

Nuair a bheidh an fhoirm seo curtha isteach, tugtar fógra don Choimisiún agus don iarratasóir go huathoibríoch, agus is féidir leis an gCoimisiún tosú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach san fhoirm ghréasáin a fhíorú. Nuair a bheidh an Coimisiún in ann faisnéis aitheantais agus rún an iarratasóra a fhíorú, cruthaíonn an Coimisiún fillteán in **S-CIRCABC**, feidhmchlár gréasánbhunaithe lenár féidir doiciméid, faisnéis agus acmhainní a chomhroinnt go slán i spásanna oibre príobháideacha. Ní bhíonn an fillteán sin le feiceáil ach ag an gCoimisiún agus ag an iarratasóir amháin. Sa phríomhfhillteán sin, cruthaíonn an Coimisiún sraith fofhillteán, ceann le haghaidh gach ceann de na céimeanna measúnaithe a mhínítear sa fhreagra ar cheist 3. Tugann an Coimisiún cuireadh don iarratasóir ansin chuig foghrúpa Futurium agus cuireann sé an fhaisnéis agus an t-ábhar le haghaidh na gcéad chéimeanna eile sa phróiseas iarratais ar fáil dó. Faigheann an t-iarratasóir nasc chun rochtain a fháil ar S-CIRCABC agus ar na fillteáin agus fofhillteáin aonair a cruthaíodh, chomh maith leis an bhfoirm iarratais atá le líonadh isteach agus le huaslódáil in éineacht leis an ábhar tacaíochta atá luaite sa Treoraíocht seo. Nuair a bheidh na doiciméid ábhartha uile uaslódáilte chuig S-CIRCABC, ba cheart dó fógra a thabhairt don Choimisiún faoin méid sin tríd an bhfoghrúpa Futurium.

Mar riail ghinearálta, ní mór gach doiciméad a thíolacadh trí S-CIRCABC. Glactar le doiciméid in aon cheann de theangacha oifigiúla agus oibre de chuid institiúidí an Aontais. Is iad na hiarratasóirí a ghlacann freagracht iomlán as ábhar na ndoiciméad.

Na doiciméid a chomhdaítear go leictreonach ón Luan go Déardaoin roimh 17:00 am na Bruiséile agus ar an Aoine agus ar laethanta roimh laethanta saoire an Choimisiúin roimh 16:00 am na Bruiséile, déanfar iad a phróiseáil ar an lá céanna agus dá bhrí sin is é an dáta fála a bheidh mar dháta an fhógra, i gcomhréir leis an gcleachtas roimhe seo maidir le comhdú ar pháipéar. Na doiciméid a thiocfaidh isteach tar éis 17:00 nó 16:00 faoi seach, déileálfar leo an lá oibre ina dhiaidh sin, agus is é an lá sin a mheasfar mar lá an fhógra.

**Rúndacht agus sonraí pearsanta**

Faoi Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún, ar chomhaltaí institiúidí an Aontais, ar chomhaltaí coistí, agus ar oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais, fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgais, gan faisnéis a nochtadh atá faoi chumhdach na rúndachta gairmiúla, go háirithe faisnéis a bhaineann le gnóthais, lena gcaidreamh gnó nó le comhdhéanamh a gcostas.

Thairis sin, faoi Airteagal 32 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna, Rialachán (AE) 2023/1781, an fhaisnéis a fhaightear le linn an Rialachán a chur chun feidhme is chun críocha an Rialacháin agus chun na gcríoch sin amháin a úsáidfear í, agus déanfar í a chosaint le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí ábhartha náisiúnta. Go háirithe, i dtaca leis an Treoraíocht seo, an fhaisnéis a fhaightear de bhun Airteagail 15 agus 26(3), beidh sí faoi réir rúndacht ghairmiúil agus beidh an chosaint aici a thugtar leis na rialacha is infheidhme maidir le hinstitiúidí an Aontais agus leis an dlí ábhartha náisiúnta, lena n-áirítear na forálacha is infheidhme a ghníomhachtú maidir le sárú na rialacha sin.

Faoin nGníomh Eorpach um Shliseanna ceanglaítear freisin go n-áiritheoidh an Coimisiún agus na húdaráis náisiúnta, a n-oifigigh, a seirbhísigh agus daoine eile atá ag obair faoi mhaoirseacht na n-údarás sin rúndacht na sonraí a gheobhaidh siad agus a gcúraimí agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu sa chaoi go gcosnófar go háirithe cearta maoine intleachtúla agus faisnéis íogair ghnó nó rúin trádála. Baineann an oibleagáid sin le hionadaithe uile na mBallstát agus leis na breathnóirí, saineolaithe agus rannpháirtithe eile ar fad a fhreastalaíonn ar chruinnithe an Bhoird Eorpaigh um Leathsheoltóirí de bhun Airteagal 28 agus le comhaltaí an Choiste Leathsheoltóra de bhun Airteagal 38(1).

Má chreideann iarratasóirí go ndéanfaí dochar dá leasanna dá bhfoilseofaí, nó dá nochtfaí ar shlí eile do pháirtithe eile, aon chuid den fhaisnéis a iarradh, ba cheart d'iarratasóirí an fhaisnéis sin a chur isteach ar leithligh, agus gach leathanach breise a mharcáil go soiléir mar "Rúin Ghnó". Ba cheart d'iarratasóirí míniú a thabhairt freisin ar an bhfáth nár cheart an fhaisnéis sin a nochtadh ná a fhoilsiú.

Próiseálfar aon sonraí pearsanta ([20]) a chuirtear isteach san fhoirm iarratais i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ([21]).

## IV. **Seicliosta agus uirlisí TF**

### A. *Seicliosta*

Féach an seicliosta seo a leanas agus iarratas ar stádas STC nó TOAE á dhéanamh. Tabhair do d'aire nach céim éigeantach í an chéim réamhiarratais (Gníomhaíocht 1). Thairis sin, sula mbeidh an Coimisiún in ann Gníomhaíocht 2 a dhéanamh agus an fhoirm iarratais a líonadh isteach in S-CIRCABC, ní mór measúnú dearfach a bheith déanta aige ar d'fhoirm ghréasáin in Futurium.

| Gníomhaíocht | Cúram | Faisnéis is gá | Tic |
|---|---|---|---|
| 1. **(ROGHNACH) Réamh-iarratas a dhéanamh ar stádas STC nó TOAE.** | (ROGHNACH) Déan teagmháil leis an gCoimisiún ag CNECT-IPF-OEF@ec.europa.eu | Neamhbhainteach | |
| 2. **Iarratas a dhéanamh ar stádas STC nó TOAE – Spéis a léiriú.** | Líon isteach an fhoirm ghréasáin in Futurium trí chliceáil ar an gcnaipe buí "Iarratas ar shaoráid táirgeachta chomhtháite agus teilgcheárta oscailte AE". | Ainm an ghnóthais nó an Chuibhreannais | |
| | | Acrainm an tionscadail (más ábhartha) | |
| | | An cineál iarratais (ar STC nó TOAE) | |
| | | Céad ainm agus sloinne, ról, eagraíocht agus seoltaí ríomhphoist oibreoir na saoráide/ bhainisteoir an tionscadail | |
| | | Ballstát nó Ballstáit suiteála na saoráide | |
| | | Cur i láthair gairid ar an ngnóthas/ar an gcuibhreannas (5 000 carachtar ar a mhéad) | |
| | | Achoimre feidhmiúcháin ar an tsaoráid nó ar a tionscadal agus a cuspóirí (5 000 carachtar ar a mhéad) | |

([20]) DPR-EC-22368.

([21]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A32018R1725. Féach freisin ráiteas príobháideachais a bhaineann le himscrúduithe Cumaisc ag https://ec.europa.eu/competition-policy/index/privacy-policy-competition-investigations_ga.

| Gníomhaíocht | Cúram | Faisnéis is gá | Tic |
|---|---|---|---|
| | | Achoimre feidhmiúcháin neamhrúnda ar an tsaoráid nó ar a tionscadal agus a cuspóirí (5 000 carachtar ar a mhéad). Ní mór an achoimre a dhréachtú sa chaoi nach mbeidh aon fhaisnéis rúnda ná aon rúin ghnó inti. Tá sé beartaithe go ndéanfar an achoimre sin a chomhroinnt, i gcomhréir leis na rialacha uile rúndachta, leis an mBord Eorpach um Leathsheoltóirí le haghaidh comhairliúchán sula ndéanfar an cinneadh críochnaitheach. | |
| 3. **Iarratas a dhéanamh ar stádas STC nó TOAE – Comhlíontacht a thaispeáint.** | Líon isteach an fhoirm iarratais agus uaslódáil í mar dhoiciméad PDF chuig an bhfillteán "00-application form" in S-CIRCABC'. **Tabhair aird le do thoil ar na leideanna sa Treoraíocht seo a mhéid a bhaineann le fad an téacs.** | Tuairisc ar an tsaoráid i bhfianaise an tsainmhínithe ar shaoráid cheannródaíoch agus míniú ar an gcaoi a bhfuil an tionscadal difriúil ó shaoráidí atá ann cheana agus ó thionscadail atá beartaithe, le tacaíocht phoiblí nó gan tacaíocht phoiblí, sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.<br>**Féadfar an méid seo a leanas a chumhdach san ábhar tacaíochta:**<br>— e.g. staidéir mhargaidh ábhartha agus tuarascálacha faoi ghnó agus táirgí na saoráide, doiciméadacht inmheánach ar thionscadail agus/nó doiciméid a úsáideann an bord chun cinntí inmheánacha a dhéanamh etc.<br>— ábhar tacaíochta: atá le huaslódáil chuig an bhfillteán '01-First-of-a-kind' in S-CIRCABC. | |
| | | Míniú ar thionchar dearfach na saoráide agus éifeachtaí seach-iarmharta ar slabhra luacha leathsheoltóra an Aontais sa mheántéarma agus san fhadtéarma.<br>**Ábhar tacaíochta:** gan sonrú.<br>**I gcás TOAEnna amháin:** sonrúchán ar acmhainneacht táirgeachta tosaigh nó chúil na saoráide | |

| Gníomhaíocht | Cúram | Faisnéis is gá | Tic |
|---|---|---|---|
| 3. **Iarratas a dhéanamh ar stádas STC nó TOAE – Comhlíontacht a thaispeáint.** | Líon isteach an fhoirm iarratais agus uaslódáil í mar dhoiciméad PDF chuig an bhfillteán '00-application form' in S-CIRCABC. **Tabhair aird le do thoil ar na leideanna sa Treoraíocht seo a mhéid a bhaineann le fad an téacs.** | Dearbhú nach bhfuil an tsaoráid faoi réir oibleagáidí i leith tríú tíortha.<br>**Ábhar tacaíochta:**<br>— ráiteas i scríbhinn, lena n-áirítear an bunús dlí nó bonn beartais lena mbunaítear oibleagáid den sórt sin.<br>— ábhar tacaíochta atá le huaslódáil chuig an bhfillteán '02-IPF-OEF compliance criteria' in S-CIRCABC. | |
| | | Deimhniú ar an ngealltanas glacadh le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo de bhun Airteagal 26 den Ghníomh Eorpach um Shliseanna.<br>**Ábhar tacaíochta**: níl gá leis. | |
| | | Míniú ar thiomantas an ghnóthais don nuálaíocht leanúnach.<br>**Ábhar tacaíochta:** gan sonrú. | |

| Gníomhaíocht | Cúram | Faisnéis is gá | Tic |
|---|---|---|---|
| | | Tuairisc ar an rún chun infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus i scileanna.<br>**Féadfar an méid seo a leanas a chumhdach san ábhar tacaíochta:**<br>— e.g., naisc chuig cláir oibre, cúrsaí oiliúna, comhpháirtíochtaí etc.<br>— ábhar tacaíochta atá le huaslódáil chuig an bhfillteán '02-IPF-OEF compliance criteria' in S-CIRCABC. | |
| | | Tuairisc ar phlean gnó na saoráide.<br>**Ábhar tacaíochta:**<br>— formáid nach bhfuil sonraithe, ach ceann so-úsáidte (e.g. Excel).<br>— ábhar tacaíochta atá le huaslódáil chuig an bhfillteán '03-Business Plan' in S-CIRCABC. | |

| Gníomhaíocht | Cúram | Faisnéis is gá | Tic |
|---|---|---|---|
| 3. **Iarratas a dhéanamh ar stádas STC nó TOAE – Comhlíontacht a thaispeáint.** | Líon isteach an fhoirm iarratais agus uaslódáil í mar dhoiciméad PDF chuig an bhfillteán '00-application form' in S-CIRCABC.<br>**Tabhair aird le do thoil ar na leideanna sa Treoraíocht seo a mhéid a bhaineann le fad an téacs.** | Doiciméadacht faoi thaithí na saoráide (lena n-áirítear tuarascáil ar ghníomhaíochtaí lena ndéantar tuairisc ar ghníomhaíochtaí na saoráide sna blianta roimhe sin nó, mura bhfuil sin ar fáil, deimhniú dlíthiúil).<br>**Ábhar tacaíochta:**<br>— tuarascáil ar ghníomhaíochtaí nó tuairisc ar fhoireann an tionscadail agus ar an taithí ghaolmhar<br>— ábhar tacaíochta atá le huaslódáil chuig an bhfillteán '04-Proven experience' in S-CIRCABC. | |
| | | Dearbhú ar an tacaíocht maidir le bunú na saoráide ó Bhallstá(i)t na suiteála.<br>**Féadfar an méid seo a leanas a chumhdach san ábhar tacaíochta:**<br>— e.g. deimhniú dlíthiúil, litir ón mBallstát nó réamhchinneadh, doiciméid maidir le Státchabhair<br>— ábhar tacaíochta atá le huaslódáil chuig an bhfillteán '05-Member State support' in S-CIRCABC. | |

| Gníomhaíocht | Cúram | Faisnéis is gá | Tic |
|---|---|---|---|
| | | Tuairisc gurb ann do bheartais agus do bhearta iomchuí chun faisnéis rúnda agus cearta maoine intleachtúla a chosaint, le míniú soiléir ar an gcaoi ar cheart na treoracha sna beartais a chur i gcrích. **Féadfar an méid seo a leanas a chumhdach san ábhar tacaíochta:**<br>— e.g. beartais inmheánacha na cuideachta nó lámhleabhair d'fhostaithe, conarthaí idir úinéirí agus soláthróirí maoine intleachtúla, amhail monarchana monaraíochta, deimhnithe comhlíontachta nó cóid chleachtais tionscadail.<br>— ábhar tacaíochta atá le huaslódáil chuig an bhfillteán '06-Protection of sensitive information' in S-CIRCABC. | |

B. *Na huirlisí TF don phróiseas iarratais*

Is réamhriachtanas chun rochtain a fháil ar na huirlisí TF a úsáidtear don phróiseas iarratais le haghaidh stádas STC agus TOAE – Futurium agus S-CIRCABC é cuntas **EU Login** a bheith agat.

— le foghlaim **conas cuntas EU Login nua a chruthú**, tabhair cuairt ar an leathanach seo: https://ecas.ec.europa.eu/cas/eim/external/register.cgi

— chun tacaíocht theicniúil a fháil, tabhair cuairt freisin ar an roinn atá dírithe ar úsáideoirí seachtracha: https://europa.eu/!rdDfPj

*Futurium*

— nuair a bheidh do chuntas EU Login cruthaithe, is féidir leat **rochtain a fháil ar Futurium** trí úsáid a bhaint as an URL seo a leanas: https://futurium.ec.europa.eu/ga/application-status-integrated-production-facility-and-open-eu-foundry.

Nuair a bheidh tú logáilte isteach, feicfidh tú an leathanach **Baile** agus beidh tú in ann rochtain a fháil ar an **Treoraíocht** agus ar an bh**foirm ghréasáin** chun a bheith in ann do spéis a léiriú. Chun forléargas iomlán a fháil ar an bhfaisnéis atá de dhíth, féach an **Seicliosta** san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir (féach seat scáileáin thíos).







Nuair a bheidh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil leis an bhfoirm ghréasáin formheasta, cuirfear le **foghrúpa** thú nach mbeidh le feiceáil ach agat féin agus ag foireann an Choimisiúin. Is é seo an príomhchainéal cumarsáide feadh an phróisis iarratais (féach an sampla sa seat scáileáin thíos).

**Ná huaslódáil aon fhaisnéis íogair ná rúnda in Futurium.**

**Ba cheart S-CIRCABC agus, más gá, ríomhphoist shlána a úsáid chun na críche sin.**





— chun tuilleadh eolais a fháil faoi phríomhfheidhmiúlachtaí Futurium, féach an **Treoir d'Úsáideoirí** ag https://futurium.ec.europa.eu/ga/documentation.

*S-CIRCABC*

Anuas ar an gcuntas EU Login atá riachtanach, tabhair do d'aire nach féidir, i gcás an fheidhmchláir áirithe seo, rochtain a fháil ar S-CIRCABC **fíorú dhá chéim**. Déan cinnte go ndéanfaidh tú do chuntas EU Login a chumrú dá réir trí uimhir fón póca a chur leis.

— Nuair a bheidh do chuntas EU Login cruthaithe, **is féidir leat rochtain a fháil ar S-CIRCABC agus ar an ngrúpa atá sannta duit** tríd an URL seo a leanas a úsáid: https://s-circabc.europa.eu/ui/welcome.


Nuair a bheidh tú logáilte isteach, feicfidh tú an struchtúr fillteáin seo a leanas sa rannóg **Library** (Leabharlann):




**Uaslódáil na doiciméid tacaíochta** chuig na fillteáin chuí, mar a thugtar le fios sa Treoraíocht.

Chun forléargas iomlán a fháil ar na doiciméid agus fillteáin, féach an **Seicliosta** san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir . Tabhair do d'aire **nach mór an fhoirm iarratais iomlán a uaslódáil chuig an bhfillteán '00-application form' in S-CIRCABC**.

Chun doiciméid a uaslódáil, téigh chuig an bhfillteán nó fofhillteán ábhartha agus cliceáil ar 'ADD' (CUIR LEIS) agus roghnaigh 'FILES' (COMHAID) (féach an seat scáileáin thíos).




Chun tuilleadh faisnéise a fháil nó saincheist a chur, déan teagmháil leis an Stiúrthóireacht na Intleachta Saorga agus an Tionscail Dhigitigh in AS CNECT ag an mbosca feidhmiúil seo a leanas: CNECT-IPF-OEF@ec.europa.eu